2025/2432

4.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2432 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Nollaig 2025

lena gcuirtear allmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam faoi réir a gcláraithe d'fhonn tobhach dleachtanna frithdhumpála ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe a cheadú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2025, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2], gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta isteach san Aontas de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam ('na tíortha lena mbaineann').

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis gearán a chuir Eurofer, Cónaidhm Eorpach an Tionscail Cruach, isteach an 4 Lúnasa 2025 thar ceann táirgí an Aontais a tháirgeann níos mó ná 25 % de tháirgeacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta an Aontais.

1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(3) Is é an táirge atá faoi réir an chláraithe seo ('an táirge lena mbaineann') táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, nó de chruach cóimhiotail eile cé is moite de chruach dhosmálta, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), ach gan na nithe seo a leanas san áireamh:

(4) táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh, bídís ina gcornaí nó ná bídís, de gach tiús, iad leictreach,

(5) táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, iad ina gcornaí, ar tiús is lú ná 0,35 mm, iad ainéalta (ar a dtugtar 'plátaí dubha'),

(6) táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail eile, de gach leithead, de chruach shileacain-leictreach, agus

(7) táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail, gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), de chruach ardluais, de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam.

(8) Aicmítear an táirge lena mbaineann faoi láthair faoi chóid AC ex 7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, ex 7209 18 99, ex 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7211 23 30, ex 7211 23 80, ex 7211 29 00, 7225 50 80, 7226 92 00 (cóid TARIC 7209 15 00 90, 7209 18 99 90, 7209 25 00 90, 7211 23 80 19, 7211 23 80 95, 7211 23 80 99, 7211 29 00 19, 7211 29 00 99). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC agus gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
[2] IO C, C/2025/5025, 18.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5025/oj.

2. **CLÁRÚ**

(9) Faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe.

(10) Is é is cuspóir don chlárú a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála, más ann dóibh, a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme má chomhlíontar na coinníollacha is gá.

(11) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, más ann dóibh, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha.

(12) Aon dliteanas a bheidh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(13) De réir na líomhaintí sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar go bhfuil corrlaigh dhumpála idir 3,2 % agus 31,3 % ann agus go bhfuil leibhéal díothaithe díobhála idir 22 % agus 35 % ann le haghaidh an táirge lena mbaineann sa bhliain 2024. Thairis sin, líomhnaíodh go bhfuil staid mhargaidh ar leith ann de bhun Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, rud ba chúis leis na corrlaigh dhumpála a measadh a bheith níos airde. De ghnáth, dhéanfaí méid an dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle idir leibhéal na dumpála agus leibhéal na díobhála, de réir Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(14) Más rud é go dtagann an Coimisiún ar fhianaise le linn an imscrúdaithe gur ann do shaobhadh ar amhábhair de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán má chinntear nár leor dleacht faoi bhun an chorrlaigh dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(15) Ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir a bheith ag súil leis an leibhéal iarbhír dliteanais a bhunófar mar thoradh ar an imscrúdú a bheith bunaithe orthu.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(16) Aon sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí isteach san Aontas a chlárú a mhéid a bhaineann le táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, nó de chruach cóimhiotail eile cé is moite de chruach dhosmálta, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), ach gan na nithe seo a leanas san áireamh:

táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh, bídís ina gcornaí nó ná bídís, de gach tiús, iad leictreach,

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, iad ina gcornaí, ar tiús is lú ná 0,35 mm, iad ainéalta (ar a dtugtar 'plátaí dubha'),

táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail eile, de gach leithead, de chruach shileacain-leictreach, agus

táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail, gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), de chruach ardluais,

a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, ex 7209 18 99, ex 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7211 23 30, ex 7211 23 80, ex 7211 29 00, 7225 50 80, 7226 92 00 (cóid TARIC 7209 15 00 90, 7209 18 99 90, 7209 25 00 90, 7211 23 80 19, 7211 23 80 95, 7211 23 80 99, 7211 29 00 19, 7211 29 00 99) agus ar de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam iad.

Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN